Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt
South East Technological University

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
## 2022 – 2023

Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt

**AG NASCADH AR MHAITHE LE TIONCHAR**



# CLÁR


1 Réamhrá . . . 2
2 Ár mBliain á léiriú ag Uimhreacha . . . 6
3 Ár Rialachas . . . 10
4 Ár mBuaicphointí na Bliana . . . 12
5 Ag Nascadh ar mhaithe le Tionchar . . . 16
5.1 Fís, Misean agus Luachanna . . . 17
5.2 Tosaíochtaí Straitéiseacha . . . 18
6 Ár Nuálaíocht agus Taighde . . . 20
6.1 Taighde agus Nuálaíocht agus Tosaíochtaí Réigiúnacha . . . 21
6.2 An Oifig um Thaighde, Nuálaíocht agus Staidéar Iarchéime . . . 22
7 Ár bhFoghlaimeoirí . . . 26
7.1 Próifíl an Fhoghlaimeora . . . 27
7.2 Tionscnaimh Oideachais . . . 29
7.3 Rannpháirtíocht na Mac Léinn . . . 30
7.4 Comhairleoireacht do Mhic Léinn . . . 32
7.5 Spórt agus Cumainn . . . 33
7.6 Scéalta na Mac Léinn . . . 36
8 Ár Rannpháirtíocht . . . 38
8.1 Rannpháirtíocht Réigiúnach . . . 39
8.2 Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta . . . 44
9 Inbhuanaitheacht . . . 48
9.1 Inbhuanaitheacht agus Forbairt Caipitil . . . 49
9.2 Gníomhaíocht Inbhuanaithe ag SETU . . . 51
10 Ár bhFoireann . . . 54
10.1 Próifíl Foirne . . . 56
10.2 Athrú ag SETU . . . 57
10.3 Seirbhísí Tacaíochta Foirne . . . 57
10.4 Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú i SETU 58
10.5 Sármhaitheas Acmhainní Daonna i dTaighde . . . 60
11 Ár gCúrsaí Airgeadais . . . 62

# 1 RÉAMHRÁ



## RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH



Is í seo an chéad tuarascáil bhliantúil de chuid Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU). Garsprioc eile atá ann i bhforbairt agus i bhfás na hOllscoile, agus léiríonn sé an tionchar láidir atá ag SETU sa réigiún.

Is aitheantas é an Tuarascáil Bhliantúil seo ar an méid atá bainte amach ag na baill foirne agus ag na mic léinn le bliain anuas. Ní fhéadfaí aon rud díobh seo a bhaint amach gan a gcuid oibre díograisí.

Tá tacaíocht shoiléir tugtha ag ionadaithe poiblí an oirdheiscirt do SETU freisin agus í ag iarraidh fás agus dul chun cinn a dhéanamh. Gabhaimid buíochas leo as a gcuid iarrachtaí ar ár son. Trí bheith ag obair le chéile is féidir linn a lán a bhaint amach, agus sinne ag aithint chomh maith go bhfuil i bhfad níos mó le déanamh fós a mbeidh a dtacaíocht ríthábhachtach dó.

Bhuail an Bord Rialaithe le chéile 27 n - uaire i gcaitheamh na tréimhse tosaigh seo agus é mar aidhm aige tacú leis an Uachtarán agus lena foireann feidhmiúcháin; coinnímid cuntasach iad as straitéis socraithe na hOllscoile a sholáthar agus déanaimid maoirseacht ar chomhlíonadh buiséid agus riosca. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil go pearsanta le gach ball as an am agus as an dúthracht a thug siad don obair thábhachtach seo.

Bhunaigh an Bord Rialaithe a struchtúr coiste, agus leanfaidh sé seo ag forbairt sna blianta amach romhainn. Tugtar an bhallraíocht reatha ar leathanach 11.

Ní mór dúinn misean SETU a choinneáil i gcuimhne i gcónaí: oideachas agus taighde inrochtana den chaighdeán is airde a chur ar fáil a fhreastalaíonn ar riachtanais an tionscail agus na bpobal inár réigiún. Agus an misean seo á shaothrú aige, cruthóidh SETU deiseanna chun forbairt réigiúnach a chur chun cinn agus chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ar leith atá roimh mhuintir oirdheisceart na hÉireann.

Mar ollscoil nua, d’aithin SETU go soiléir an gá atá le claochlú. Tá ár struchtúir eagraíochtúla, ár gcultúir acadúla, agus ár gcleachtais taighde ag teacht chun cinn chun tacaíocht níos fearr a thabhairt dár spriocanna.

Gabhaimid ár mbuíochas ó chroí leis an Ollamh Veronica Campbell as a ceannaireacht, a hinspioráid agus a fuinneamh le linn na tréimhse seo. Gabhaimid buíochas freisin leis an bhfoireann, leis na mic léinn agus leis na páirtithe leasmhara as a gcion luachmhar d’éachtaí SETU. Táimid ag súil go mór lenár nOllscoil a fheiceáil faoi bhláth sna blianta atá le teacht.

Thar ceann an Bhoird Rialaithe,

**An tOllamh Patrick Prendergast**
Cathaoirleach an Bhoird Rialaithe agus Seansailéir

## RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN



I mí Iúil 2022, ba mhór an onóir dom ról Uachtarán tionscnaimh Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU) a ghlacadh. Bunaíodh SETU an 1 Bealtaine 2022, agus is í an t - aon ollscoil i réigiún an oirdheiscirt í. Freastalaíonn sí ar phobal ina bhfuil os cionn 600,000 duine. Is mór an phribhléid domsa a bheith mar chéad uachtarán ar an Ollscoil nua seo, ollscoil a chreidim a bhfuil an cumas aici lánacmhainneacht réigiún oirdheisceart na hÉireann a bhaint amach.

I ndiaidh di teacht chun cinn as na hInstitiúidí Teicneolaíochta i bPort Láirge agus i gCeatharlach, tugann SETU taithí breis agus 50 bliain le chéile san ardoideachas, sa taighde, sa nuálaíocht agus sa chomhoibriú le páirtithe leasmhara sa réigiún. Is eintiteas óg bríomhar í ár n - Ollscoil nua don 21ú haois, 'athrú céime' ón am atá thart, í dírithe ar athshamhlú a dhéanamh ar an oirdheisceart ó réigiún faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch go ceann atá nuálach, ina bhfuil fiontar chun tosaigh agus a imríonn tionchar.

Anseo ag SETU, táimid ag tús ruda éigin atá go hiontach. Deis nach bhfaighfeá ach 'uair amháin i do shaol' rud éigin nua a thosú i ndáiríre, ag baint leas as a bhfuil foghlamtha san ama atá thart agus ag tógáil eintitis nua, le smaointeoireacht nua agus nuálaíocht, ag baint úsáide as tallann na linne seo.

Sa tuarascáil bhliantúil seo léirítear cuid de bhuaicphointí thuras SETU go dtí seo agus an méid atá bainte amach againn sa chéad 16 mí ó bunaíodh sinn. Gan amhras, ba phróiseas a raibh ualach oibre ollmhór ag baint leis é cumasc na n - iar - institiúidí san eintiteas nua seo, agus tionscadal atá faoi lán tseol i gcónaí. Ach le dúthracht, agus le tiomantas comhghleacaithe agus páirtithe leasmhara araon agus trína gcumas oiriúnú athrú agus a mbealach a dhéanamh trí athrú, tá dul chun cinn suntasach déanta againn cheana féin.

I mí na Bealtaine 2023, sheolamar ár gcéad phlean straitéiseach, 'Ag Nascadh ar mhaithe le Tionchar' – 2023 - 2028, treochlár chun boinn na hollscoile atá mar aidhm againn a bhunú. Forbraítear ár 12 chuspóir straitéiseacha timpeall ar cheithre cholún ár nOllscoile: Nuálaíocht agus Taighde; Ár bhFoghlaimeoirí; Ár Rannpháirtíocht agus Ár bhFoireann.

Is cuid bhunúsach dár gcuspóirí uaillmhianacha é rochtain chomhionann ar dheis ardoideachais a chinntiú do mhuintir ár réigiúin. Marollscoil oscailte , uilechuimsitheach, ag a bhfuil conairí láidre iontrála agus dul chun cinn, tacaímid le grúpaí faoi mhíbhuntáiste agus faoi ghannionadaíocht in oirdheisceart na hÉireann chun rochtain a fháil ar oideachas, a n - acmhainneacht a bhaint amach agus a gcáilíocht bheatha a fheabhsú.

Trí imirce daoine oilte a aisiompú agus leibhéal an ghnóthachtála acadúla a ardú do mhuintir an oirdheiscirt, cuirimid an réigiún ar aghaidh chun a chumas a bhaint amach, rud a chruthóidh éiceachóras nuálaíochta cumhachtach post ardchaighdeáin agus fostaíochta inbhuanaithe. Mar thoradh ar fhorbairt gheilleagrach, leanfaidh dul chun cinn sóisialta agus cultúrtha, rud a fhágfaidh go mbeidh ár réigiún ina áit níos tarraingtí le cónaí agus le hoibriú ann.

Ar an taobh domhanda, tá SETU ag cur lena cáil agus a tionchar san Eoraip. Mar shampla, d'oscail ár mballraíocht iomlán de EU - CONEXUS an doras chuig roinnt comhpháirtíochtaí luachmhara Eorpacha. Comhghuaillíocht Ollscoileanna Eorpacha ar Inbhuanaitheacht Chósta Uirbeach Chliste is ea EU - CONEXUS atá comhdhéanta de 8 n - ollscoil Eorpacha eile. Féachann an chomhghuaillíocht le mol barr feabhais a chruthú ar Inbhuanaitheacht Chósta Uirbeach Chliste trí ghníomhaíochtaí taighde agus comhroinnte eolais i measc na

gcomhpháirtithe, ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin shochaíocha a bhíonn ag pobail ó réigiúin chósta uirbeacha agus leath - uirbeacha.

Tá dul chun cinn suntasach déanta againn san ocht mí déag tosaigh dár n - institiúid nua agus sinne ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin a bhaineann le cumasc ár gcóras oibriúcháin agus ag an am céanna ag cur comhthéacs ar an bhfís atá againn dár n-Ollscoil nua. Tréimhse aistrithe a bhí ann gan amhras le roinnt éachtaí agus foghlaim den scoth ar an mbealach. Bhí tacaíocht, treoir agus gairmiúlacht Bhord Rialaithe SETU agus agus na gcomhghleacaithe ar fud gach campas SETU ina chuid dílis den dul chun cinn ar fad atá déanta againn.

Táim ag tnúth le leanúint ar aghaidh ag obair leis na páirtithe leasmhara go léir chun ollscoil a thógáil a chuirfidh an mol ríthábhachtach ar fáil d'éiceachóras réigiúnach foghlama agus nuálaíochta a mbeidh cáil idirnáisiúnta air.

**An tOllamh Veronica Campbell**
An tUachtarán



# 2 ÁR MBLIAIN Á LÉIRIÚ AG UIMHREACHA




**17,938**

Clárú san Iomlán 2022-23

**11,453 MAC LÉINN**
LÁNAIMSEARTHA

**6,485 MAC LÉINN**
PÁIRTAIMSEARTHA




*Fíor1:* SETU Clárú De Réir Inscne (Foinse: SETU SRS 2023)

**66.2%** MAC LÉINN
**LÁNAIMSEARTHA**


**33.8%** MAC LÉINN
**PÁIRTAIMSEARTHA**

**2ú** IN ÉIRINN MAIDIR LE CION D'FHOGHLAIMEOIRÍ PÁIRTAIMSEARTHA


**1,000+**
**printíseach**

**560+**
**mac léinn** tras-náisiúnta/ **ó thíortha thar lear**


**1,900+**
clárú ar chláir a sheachadtar i **gcomhar le comhpháirtithe**




*Fíor 2:* SETU Clárú De Réir Cineál Dámhachtana (Foinse: SETU SRS 2023)




*Fíor 3:* SETU Clárú De Réir Disciplín (Foinse: SETU SRS 2023)



# 3 ÁR RIALACHAS



Bunaíodh Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU) le hOrdú Aireachta faoi Alt 36 d'Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta 2018 ("Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta"), (Uimhir 3 de 2018), ar an lá ceaptha an 1 Bealtaine 2022 agus cuireadh tús leis an Uachtarán tionscnaimh, an tOllamh Veronica Campbell, ina ról i mí Iúil 2022.

Bunaíodh Bord Rialaithe SETU de réir fhorálacha Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta 2018 arna leasú ag an Acht um Ard - Oideachas 2022 agus tá a fheidhmeanna mar a shainaithnítear san Acht. Comhlíonann baill an Bhoird Rialaithe príomhróil maidir le treo, straitéis agus rialachas corparáideach na hOllscoile Teicneolaíochta. Tá roinnt coistí bunaithe ag Bord Rialaithe SETU chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh. Tá sonraí iomlána an choiste san áireamh ar: *www.setu.ie/about/governance-and-management/governing-body.*

## AN BORD RIALAITHE

AN CATHAOIRLEACH
**An tOllamh Paddy Prendergast**

AN TUACHTARÁN
**An tOllamh Veronica Campbell**

FOIREANN TOFA
**Sarah Clarke Uasal**
**An tUas. Claus Derenda**
**An Dr Kathleen Moore Walsh**
**An tUasal Richard Lacey**
**An tUasal Ray Ryan**

AINMNITHE SETUSU
**An tUasal Mark Dunne**
**Adele Mahon Uasal**
**Milena Lescova Uasal**

COMHALTAÍ SEACHTRACHA

**Ruth Beadle Uasal**
Ceann Shlabhra an tSoláthair Dhomhanda, Sanofi

**An tUasal Jim Bergin**
POF, Tirlán

**An Dr David Dempsey**
iar SVP, Salesforce

**Louise Grubb Uasal**
POF, TriviumVet

**An tOllamh Marie-Christine Ho Ba Tho**
Université de Technologie de Compiègne

**Pauline Oakes Uasal**
Leas - Uachtarán Oibríochtaí EMEA/APAC, Integer Corp

**Cynthia Ní Mhurchú Uasal**
Abhcóide

**An tUasal Kevin Lewis**
POF BOO Phort Láirge agus Loch Garman

**Eileen Curtis Uasal**
POF BOO Chill Chainnigh agus Cheatharlaigh

# 4 ÁR MBUAICPHOINTÍ NA BLIANA






1
BEALTAINE
2022

**Bunú SETU**

Ré nua d'oirdheisceart na hÉireann agus Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt ag oscailt a doirse

*CLICEÁIL ANSEO LE HAGHAIDH TUILLEADH EOLAIS*

20
MEITHEAMH
2022

Fógraíonn SETU Phort Láirge an chéad duine a fuair Cathaoir Taighde Oinigh Vicky Phelan i gComhionannas agus Rochtain ar Oideachas

**Gradam Vicky Phelan**

*CLICEÁIL ANSEO LE HAGHAIDH TUILLEADH EOLAIS*






22
DEIREADH
FÓMHAIR
2022

**SETU – Seoladh Oifigiúil**

Leagann SETU síos uaillmhian Ollscoil Eorpach cheannródaíoch a thógáil a sheachadann athrú ó bhonn don oirdheisceart

*CLICEÁIL ANSEO LE HAGHAIDH TUILLEADH EOLAIS*

1
SAMHAIN
2022

Déanann céimithe gaisce an tseachtain seo agus na chéad searmanais bhronnta ar siúl ag SETU

**Na Chéad Searmanais Bronnta**

*CLICEÁIL ANSEO LE HAGHAIDH TUILLEADH EOLAIS*





9 NOLLAIG 2022

**Scéal Tiglin**

Ó bheith ag codladh amuigh go céim mháistreachta a bhaint amach – tarraingíonn cúpla aird ar chumhacht chlaochlaitheach an oideachais mar is léir ó obair chomhoibríoch SETU agus Tiglin

*CLICEÁIL ANSEO LE HAGHAIDH TUILLEADH EOLAIS*

1 FEABHRA 2023

Chomhoibrigh taighdeoirí EU-CONEXUS chun drón muirí a fhorbairt

**EU-CONEXUS**

*CLICEÁIL ANSEO LE HAGHAIDH TUILLEADH EOLAIS*






26 AIBREÁN 2023

**Seoladh Tionscadail IrelandQCI**

Saineolaithe teicneolaíochta candaim ag teacht le chéile i bPort Láirge

*CLICEÁIL ANSEO LE HAGHAIDH TUILLEADH EOLAIS*

1 BEALTAINE 2023

An chéad phlean straitéiseach seolta ag Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt

**Seoladh an Phlean Straitéisigh**

*CLICEÁIL ANSEO LE HAGHAIDH TUILLEADH EOLAIS*





# 5 AG NASCADH AR MHAITHE LE TIONCHAR



## 5.1 5.1 FÍS, MISEAN AGUS LUACHANNA

Cuirtear fís, misean agus luachanna na heagraíochta in iúl i gcéad phlean straitéiseach na hollscoile, Ag Nascadh ar mhaithe le Tionchar: Plean Straitéiseach Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt 2023 -2028, a foilsíodh i mBealtaine 2023. *www.setu.ie/about/our-ambition/strategic-plan*

Mar atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach...

# FÍS

Tá fís SETU:

**a bheith ina hOllscoil Teicneolaíochta cheannródaíoch le tionchar bunathraitheach ar ár bpobal, ar oirdheisceart na hÉireann agus níos faide i gcéin.**

# MISEAN

Tá misean na hOllscoile leagtha amach ina Plean. Deirtear ann:

**Trí oideachas cuimsitheach agus taighde den scoth, spreagann Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt nuálaíocht, cumasaíonn sí pobail agus tugann sí tionchar bunathraitheach d'oirdheisceart na hÉireann.**

**Is Ollscoil Teicneolaíochta ilchampais idirnáisiúnta, fhiontraíoch agus nasctha í SETU a spreagfaidh forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch, chomhshaoil, chultúrtha agus shóisialta in oirdheisceart na hÉireann.**

**Cuireann SETU oideachas atá dírithe ar an mac léinn ar fáil agus tá sé tiomanta d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil, rochtain, comhionannas agus cuimsiú agus do thairiscint chuimsitheach oideachais a chur ar fáil.**

**Tá ár gcuraclam freagrúil do riachtanais idir shóisialta, cultúrtha agus fiontair agus tá sé á threorú ag taighde. Cruthóidh ár gcuid taighde tionchar don réigiún go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Oibreoidh SETU chun tacú le rath na mac léinn agus na foirne agus chun timpeallacht chomhghleacúil a chothú do chách.**

# LUACHANNA

Tá ár luachanna mar bhonn agus mar thaca fúinn féin agus cuireann siad an bunús ar fáil dúinn ar a gcothaítear ár bhféiniúlacht agus ár bhfís.

Ag SETU:

- **Cuirimid an mac léinn i gcroílár ar gcuid gníomhaíochtaí go léir**
- **Cuirimid sármhaitheas chun cinn**
- **Oibrímid i gcomhar le chéile**
- **Glacaimid le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú**
- **Gníomhaímid go hinbhuanaithe, go freagrach agus go heiticiúil**
- **Caithimid le daoine eile le meas.**

## 5.2 TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA

Leis an bplean Straitéiseach "Ag Nascadh ar mhaithe le Tionchar: Plean Straitéiseach Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt 2023-2028 bunaítear creat ina saothróidh SETU a mhisean agus ina gcomhlíonfaidh sí a fís uaillmhianach. Leagtar amach sa Phlean cuspóirí tosaíochta i gceithre réimse, cuspóirí a dtacóidh príomh-chumasóirí leo, mar seo a leanas:

- Nuálaíocht agus Taighde: Tá sé d'aidhm ag SETU a bheith chun tosaigh ar nualaíocht réigiúnach trí taighde a threisiú, trína bonn, aschuir agus tionchar a leathnú agus í ag díriú go mór mór ar thionchar réigiúnach. Díríonn an Ollscoil ar mhéadú suntasach ar mhaoiniú taighde, clárú mac léinn a bhfuil céim acu agus aistriú eolais.
- Foghlaimeoirí: Tá SETU dírithe ar a churaclam taighde - bhunaithe, feidhmeach a fhorbairt tuilleadh chun a chinntiú go bhfuil céimithe feistithe go maith chun cur leis an tsochaí agus leis an obair chomhaimseartha. Leathnóidh an phunann chun leanúint de dheiseanna staidéir éagsúla a thairiscint do mhic léinn agus, dá bhrí sin, chun tacú le mic léinn a choinneáil sa réigiún.
- Rannpháirtíocht: Féachann SETU lena ról mar institiúid ancaire réigiúnach a fheabhsú chun inbhuanaitheacht agus forbairt dhearfach a chur chun cinn i réigiún an oirdheiscirt. Déanfaidh sé líonraí réigiúnacha agus náisiúnta a fhorbairt agus a threorú, chomh maith le comhpháirtíochtaí láidre straitéiseacha idirnáisiúnta a chothú.
- Foireann: Tá sé mar aidhm ag SETU a bheith ina heagraíocht aontaithe, éagsúil agus uilechuimsitheach le tiomantas do shármhaitheas acadúil. Tá sé mar aidhm ag an Ollscoil le linn a Plean Straitéisigh, conairí gairmréime a shoiléiriú agus a fhorbairt don bhfoireann agus seasamh le luachanna an chomhionannais, na héagsúlachta agus an ionchuimsithe. Tá sé mar aidhm ag an Ollscoil cultúr comhghleacaíochta, oscailteachta, agus feabhais san ionad oibre a bheith aici.

Dearbhaíonn an Ollscoil (University) ina straitéis go gcinnteoidh sí go mbeidh a struchtúir eagraíochtúla, a bonneagar agus a hairgeadas oiriúnach don fheidhm chun gur féidir léi a cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Éilíonn sé seo bearta áirithe ar thaobh na hOllscoile agus infheistíochtaí ón Stát agus ó áiteanna eile atá leagtha amach mar Chumasóirí sa phlean straitéiseach.

Tá SETU ag rianú raon leathan KPIanna (príomhtháscairí feidhmíochta) faoi láthair i gcoinne spriocanna ar fud réimsí gníomhaíochta sa Phlean Straitéiseach. Tugtar breac - chuntas thíos ar ár bhfás spriocdhírithe do 2028 ar fud ár KPIanna.

# SETU 2028


**Cóimheas Acadúil LE Gairmiúil/ Bainistíocht/ Foireann tacaíochta**

2 LE 1.5

CÓIMHEAS

**BUNMHAOINIÚ**

**€195** milliún




LÓISTÍN DO **MHIC LÉINN**



Rangú Idirnáisiúnta Feabhsaithe

MIC LÉINN IDIRNÁISIÚNTA

=

**350** ERASMUS

**x10** NÁISIÚNTA

**8%** LASMUIGH DEN AE

**€27.5m**

in aghaidh na bliana

**CAITEACHAS DÍREACH AR THAIGHDE**

**+30%** MÉADÚ AR

COMHAONTUITHE TAIGHDE LE FIONTAR

LUACH

**>1500** BALL FOIRNE LÁNAIMSEARTHA

**485** BALL FOIRNE ACADÚLA AG A BHFUIL PhD

- Réigiún Nuálaíochta
- Réigiún Fiontraíochta
- Réigiún Foghlama UNESCO
- Imeacht Talainne a Aisiompú
- Feabhsú Scileanna an Lucht Saothair
- tuairim is 34,000 Céimí

**TIONCHAR RÉIGIÚNACH 2028**

**20 OLLÚNA IOMLÁNA**

**ATHENA SWAN** dámhachtainí ollscoile

**8** CRÉ-UMHA ROINNE = DÁMHACHTAINÍ

**>21,000**

Rollú mac léinn

**CAITEACHAS AR OILIÚINT AGUS FORBAIRT FOIRNE**

+30% in aghaidh na bliana

400 **PhD**

MAC LÉINN

**179,000 M²**

d'FHOIRGNIMH CHAMPAIS

# 6 ÁR NUÁLAÍOCHT AGUS TAIGHDE



## CUSPÓIR STRAITÉISEACH 1

**Inniúlacht agus cumas taighde SETU a thógáil i réimsí nirt agus acmhainneachta.**

## CUSPÓIR STRAITÉISEACH 2


**Ár ngníomhaíocht taighde agus nuálaíochta a ardú go leibhéil atá ar aon dul le hollscoil óg dhomhanda den scoth.**

## 6.1 TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT AGUS TOSAÍOCHTAÍ RÉIGIÚNACHA

Tá éiceachóras taighde agus nuálaíochta aibí agus lánfhorbartha ag SETU mar a léirítear i bhFíor 1 thíos. Tá iarracht taighde SETU agus na réimsí a shainaithnítear i mbeartas réigiúnach d'fhorbairt tosaíochta ag teacht go dlúth le chéile. Go sonrach, is iad seo a leanas na réimsí a bhfuil béim réigiúnach orthu:

- **TFC**
- **Talmhaíocht**
- **Ardmhonaraíocht**
- **Cógaisíocht**
- **Seirbhísí airgeadais.**

Beidh fuinneamh in - athnuaite ag teacht chun cinn mar thosaíocht láidir do na deich mbliana amach romhainn agus tá SETU ag pleanáil dá réir. Mar a léirítear i bhFíor 1, cuireann beartas forbartha eacnamaíche réigiúnach béim freisin ar chothú na fiontraíochta réigiúnaí agus ar thacaíocht do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide réigiúnacha. Tá saineolas nach beag ag SETU sa réimse seo. Leanann sí ar aghaidh á threorú i dtreo na fiontraíochta réigiúnaí.




| | |
|---|---|
| **SEAM** | Ionad Taighde Ábhar Feidhmeach an Oirdheiscirt |
| **PMBRC** | Ionad Taighde Biteicneolaíocht Chógaisíochta agus Móilínigh |
| **WALTON** | Institiúid Walton um Eolaíocht Córas Faisnéise & Cumarsáide |
| **DEARADH+** | Innealtóireacht, Ríomhaireacht & Bitheolaíocht Treoraithe ag Dearadh |

*Fíor 4:* **SETU agus an tÉiceachóras Nuálaíochta Réigiúnach**



## 6.2 AN OIFIG UM THAIGHDE, NUÁLAÍOCHT AGUS STAIDÉAR IARCHÉIME

Tá SETU ina spreagthóir láidir nuálaíochta réigiúnaí trína líonraí taighde áitiúla agus idirnáisiúnta. Lean taighdeoirí SETU orthu ag léiriú a gcaighdeán ard trí chonarthaí a fuair maoiniú seachtrach dar luach €31.85M laistigh den tréimhse 1 Bealtaine 2022 – 31 Lúnasa 2023. B'ionann caiteachas taighde (gan caipiteal a áireamh) le linn na tréimhse seo agus €31.19M, lena n - áirítear íocaíochtaí €11.32M le comhpháirtithe.

### Buaicphointí maoiniú taighde 2022/23

**€2m**

Ioncam taighde ó **Fhondúireacht Eolaíochta Éireann** (SFI) faoin **gClár Bonneagair Thaighde**

**€10m**

Tionscnamh taighde arna mhaoiniú ag **An Eoraip Dhigiteach** agus an **Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide** (DECC), Ireland QCI, ag díriú ar bhonneagar candamach náisiúnta d'Éirinn a thógáil

**€13.7m**

Maoiniú Taighde ó **Fhís Eorpach**

## Gradaim Sármhaitheasa Taighde Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt




*Sa phictiúr ó chlé go deas:* An tOllamh Gillian Gardiner, a fuair gradam an Mhaoirseora Taighde, an Dr Pat Lynch, Stiúrthóir RIKON, a fuair an gradam Tionchair Taighde don Tionscal agus Tráchtálú, an Dr Noel Richardson, a fuair an gradam Beartais agus Cleachtais Tionchair Taighde agus an Dr Lee Coffey, a fuair gradam an Taighdeora Bhunaithe.



Bhí Gradaim Sármhaitheasa Taighde Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU) ar siúl Dé hAoine an 14 Deireadh Fómhair 2022 le searmanas poiblí ar champas Bhóthar Chorcaí, Port Láirge. Tugann na gradaim bhliantúla aitheantas do shár - ionchur fhoireann acadúil agus taighde SETU i dtaighde nuálach ar ardchaighdeán a chuireann le cáil na hInstitiúide go háitiúil agus go hidirnáisiúnta.


CUSPÓIR STRAITÉISEACH
3

**Feabhas a chur ar ár gcumas ár dtaighde a aistriú go tionchar fiúntach don réigiún agus níos faide i gcéin.**

## 6.2.1 BUAICPHOINTÍ MAIDIR LE MAOINIÚ TAIGHDE SA TRÉIMHSE

**Tionchar an Mhaoinithe**

- B'ionann maoiniú Eorpach agus idirnáisiúnta agus 44% de dheontais taighde foriomlána SETU. Tháinig 49% ó fhoinsí náisiúnta agus an 7% eile ó fhoinsí eile.
  - Bronnadh €13.7M ar an ollscoil ó Fhís Eorpach, ó Cost Actions, agus ó chláir maoinithe Erasmus+, lena n - áirítear tionscadail ina bhfuil SETU ar an aon Institiúid AO as Éirinn atá rannpháirteach.
  - Chríochnaigh an Ollscoil in 2023 mar an Ollscoil Teicneolaíochta is fearr feidhmíochta maidir le bronnadh maoinithe ó Fís Eorpach.
- Fás nuálaíochta agus fiontraíochta - síníodh 238 conradh taighde, Dearbháin Nuálaíochta san áireamh.
- Ba ionann ioncam bronnta ón tionscal agus breis is €2.2M, idir dhearbháin nuálaíochta bheaga a rinneadh i gcomhar le fiontair áitiúla (FBManna) agus chláir chomhoibritheacha ilbhliantúla le cuideachtaí dúchasacha agus ilnáisiúnta araon.
- Gníomhaíocht iarchéime le sé scéim atá bunaithe ar fhiontraíocht/fostaíocht de chuid na Comhairle um Thaighde in Éirinn.




*Fíor 5:* Roinnt na bhfoinsí maoinithe taighde 01 Bealtaine 2022 – 31 Lúnasa 2023

**Tionchar Fostaíochta**

- Cuireann na hionaid Taighde agus Nuálaíochta SETU, atá bpáirt-mhaoiniú ag Fiontraíocht Éireann, tacaíocht riachtanach ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta agus déanann siad an Clár Teorainneacha Nua le haghaidh forbairt fiontraíochta a chomhóstáil.
- Bhí na hionaid seo ina bpríomhspreagadh d'fhorbairt gheilleagrach sa réigiún agus faoi láthair tá cúig chuideachta nuathionscanta agus luathchéime is caoga acu ar fud an oirdheiscirt, ag fostú níos mó ná 350 duine sa réigiún.
- Leis an ioncam taighde a daingníodh sa tréimhse bhíothas in ann fostaíocht dhíreach a thabhairt do 173 ball foirne taighde ar an meán i gcaitheamh na tréimhse. Lena chois sin chruthaigh an Ollscoil sé sheach-chuideachta le cúig bliana anuas, rud a thug buntáistí láidre fostaíochta don réigiún.

**Tionchar Mac léinn Iarchéime**

- Sa tréimhse acadúil 2022/23, cláraíodh 358 mac léinn iarchéime taighde san iomlán in SETU
- Tá an chuid is mó den chohórt mac léinn seo rannpháirteach i dtionscadail taighde arna maoiniú ag cláir maoinithe taighde sheachtracha/inmheánacha mar shampla arna maoiniú ag cláir na Comhairle um Thaighde in Éirinn, tionscadail an Choimisiúin Eorpaigh nó go díreach ag SETU, i.e. Scéim Scoláireachta PhD an Uachtaráin agus Comhchiste Tionscail SETU.

**Tionchar a Sheachadadh**

Aithnítear i bPlean Straitéiseach SETU 2023 - 2028 ról lárnach na hOllscoile mar spreagthóir d'fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta réigiúnach trína cuid taighde a nuáil agus creat éifeachtach aistrithe eolais a chruthú. Ar cheann de phríomh-láidreachtaí éiceachóras taighde agus nuálaíochta SETU áirítear a cumas dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara iomadúla (tionscal, fiontraithe, rialtas, agus comhpháirtithe acadúla) agus a stór eolais a aistriú ina réitigh ar féidir le bonn leathan tionscail rochtain a fháil orthu, idir chuideachtaí ilnáisiúnta agus mhicrifhiontair ar fud fhormhór na n – earnálacha tionscail – TFC, seirbhísí, cógaisíocht, talmhaíocht/bia, feistí leighis, agus ardmhonaraíocht san áireamh.

Chun tuilleadh sonraí a fháil féach an tuarascáil fhoilsithe: *Annual-Report-May_2022-September-2023.pdf*



# 6 ÁR BHFOGHLAIMEOIRÍ




CUSPÓIR STRAITÉISEACH 4

**Soláthar oideachais SETU a leathnú chun deiseanna oideachais a uasmhéadú do dhaoine sa réigiún trí phunann clár athnuaite a thagann le scileanna réigiúnacha agus riachtanais oideachais, a fhorbraíonn réimsí disciplín nua chun aghaidh a thabhairt ar éileamh réigiúnach agus a stopann imirce amach mac léinn ón réigiún, agus a fheabhsaíonn bealaí rochtana agus dul chun cinn.**

## 7.1 PRÓIFÍL AN FHOGHLAIMEORA

Tá beagnach 18,000 foghlaimeoir ag SETU agus léirítear próifíl na hOllscoile i dTábla 1 thíos. Bronnadh céim ar bhreis is 4,500 Mac léinn ag SETU sa tréimhse acadúil 2022/23. Ina theannta sin, bhí 57 clár nua againn a chuimsigh mórdhámhachtainí ar chreat náisiúnta na gcáilíochtaí, agus miondámhachtainí agus dámhachtainí sainchuspóra a chuimsigh HCI agus Lingchlár. Le linn na tréimhse seo fuair an Ollscoil freagra dearfach ar ár n - iarratais ÚAO ar chúrsaí a bhaineann le sláinte lena n - áirítear, Tréidliacht, agus Cógasaíocht. Tá tús curtha ag an Ollscoil le hullmhúchán do leithdháileadh maoinithe faoi na cláir seo.




*Fíor 6:* Rollú SETU 2022 -23 (Foinse: SRS Márta 2023)




### 7.1.1 FOSTAÍOCHT DO CHÉIMITHE

Faigheann líon suntasach céimithe SETU fostaíocht sa réigiún, fianaise ar thionchar réigiúnach SETU (agus ar an tionchar dearfach a d’fhéadfadh a bheith ann ar imirce amach as an réigiún). I bhFíor 3 agus 4 déantar cur síos ar an réigiún agus ar an chontae maidir le fostaíocht céimithe SETU.


Tá beagnach 40% de chéimithe SETU fostaithe i Réigiún an Oirdheiscir.

CÉIMITHE ATÁ FOSTAITHE SA RÉIGIÚN




*Fíor 7:* **Réigiún Fostaíochta ag Céimithe SETU, Rang 2022 (Foinse: Suirbhé ar Chéimithe SETU)**

CÉIMITHE ATÁ FOSTAITHE DE RÉIR CONTAE




*Fíor 8:* **Contae Fostaíochta ag Céimithe SETU, Rang 2022 (Foinse: Suirbhé ar Chéimithe SETU)**

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 6

**Ár mbonneagar tacaíochta d'fhoghlaimeoirí agus ár dtimpeallacht foghlama a atheagrú agus a fheabhsú, ag cuimsiú gach gné d'eispéireas an mhic léinn, chun deiseanna a chinntiú maidir le rannpháirtíocht ghníomhach, chothrom agus chuimsitheach ár bhfoghlaimeoirí go léir i ngach gné de shaol na hollscoile, agus SETU a chur mar cheannaire ar an gcaoi a gcuirimid ar chumas an fhoghlaimeora rath a bhaint amach.**

## 7.2 TIONSCNAIMH OIDEACHAIS

Thacaigh an tAilíniú Straitéiseach ar Mhaoiniú Feabhsaithe Teagaisc agus Foghlama san Ardoideachas le SETU i mbreis agus 33 tionscnamh, lena n - áirítear tionscadail mhórscála, comhaltachtaí aonair agus seimineáir ar fud na hOllscoile, a bhfuil gach ceann acu deartha chun an timpeallacht foghlama a fheabhsú. Ba iad na téamaí dírithe do SATLE don bhliain féilire 2023; Oideachas don bhForbairt Inbhuanaithe, Claochlú Digiteach agus Ionracas Acadúil a Chothú.

Is rannchuiditheoir rannpháirteach é SETU leis an gclár Trasfhoirmiú Ollscoile Teicneolaíochta Náisiúnta um Théarnamh agus Athléimneacht (N - TUTORR), an chomhpháirtíocht €40 milliún atá á maoiniú ag an Aontas d'earnáil an ardoideachais theicneolaíoch, ag obair i gcomhar le foghlaimeoirí a chumhachtú, cumais foirne a fhorbairt agus éiceachórais dhigiteacha inbhuanaithe a chur i bhfeidhm. Ó mhí Aibreáin 2022 reáchtáil SETU roinnt imeachtaí agus tionscnaimh rathúla sa bhliain acadúil 2022/23:

- **Earcaíocht 14 Seaimpín Mac Léinn N-TUTORR ar fud na gCampas SETU ar fad atá ag obair ar na sé réimse théamacha den chlár N-TUTORR. Bhí na seaimpíní seo mar chuid de líonra níos leithne de 100 seaimpín mac léinn ó na 7 gcomhpháirtí ar fad.**
- **Maoiniú 19 dtionscadal Comhaltachta Foirne / Mac Léinn, tionscadail bheaga dar luach thart ar €5k a bhí nasctha le téamaí N-TUTORR agus a bhí mar chuid de chohórt níos leithne 133 thionscadal go náisiúnta.**
- **Creat Forbartha Curaclaim earnála a fhorbairt a sholáthraíonn sraith treoirphrionsabal chun na téamaí N-TUTORR a leabú i gcuraclaim nua nó athfhorbartha.**
- **Pobal Cleachtais Forbartha Foirne a Fhorbairt**
- **Máistir-ranganna míosúla náisiúnta don bhfoireann a thaispeánann gach ceann de na téamaí N-TUTORR.**

Tá tuilleadh eolais ar shuíomh gréasáin oifigiúil SETU anseo: **https://www.setu.ie/teaching-learning/n-tutorr**

Sa tréimhse seo tá CTEL tar éis ceannródaíocht a dhéanamh ar fhorbairt áiseanna stiúideo ard-ghairmiúla, ar chaighdeán craolta – ar a dtugtar "Pods" i SETU. Is nuálaíocht theicniúil den scoth iad seo, agus tá ocht bPod coimisiúnaithe agus á n-úsáid anois ar fud na hOllscoile.



## 7.3 RANNPHÁIRTÍOCHT NA MAC LÉINN

**Treoshuíomh ar an gCampas 2022-23**

D'fhreastail 2462 Mac léinn chéad bhliana ar sheisiúin treoshuímh ar líne SETU trí Zoom i mí Mheán Fómhair 2022, rud a léiríonn rannpháirtíocht 81% ón gcohórt chéad bhliana. Go leor tacaíochtaí eile lena n - áirítear Meantóirí Piara, Lámhleabhar na Mac Léinn 2022-23 (12,500 ceann clóite), Seachtainí Téamúla, Podchraoltaí – Students Heard -d'fheabhsaigh siad go léir rannpháirtíocht na mac léinn.

Tá podchraoltaí déanta ar réimse leathan saincheisteanna tacaíochta do mhic léinn ar nós:

- **Imní shóisialta**
- **Forbairt gairmréime**
- **Do bhealach a dhéanamh trí mheasúnuithe coláiste**
- **Eispéiris na mac léinn**
- **Do bhealach a dhéanamh trí airgeadas coláiste**
- **Obair dheonach**
- **Acmhainní, leideanna agus tacaíochtaí ar líne.**

Éist le Students Heard ar Spotify https://open.spotify.com/show/0BQtVrzpjrKR8QvJCkn3u2

Fuair 1,188 mac léinn lánaimseartha tacaíocht ón gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn arbh ionann é agus eisíocaíocht €2,120,635.00 san iomlán.

Chuaigh SETU isteach i gcuibhreannas náisiúnta IReL in 2022, ag soláthar rochtana ar raon leathan ríomh - acmhainní ceadúnaithe, comhaontuithe foilsithe rochtana oscailte le breis agus fiche foilsitheoir, agus bonneagar eolaíochta oscailte. Tá rochtain anois ag pobal SETU ar raon breise de thart ar 13 acmhainn ardchaighdeáin ar fud disciplíní.

### Start SETU
### **Seachtainí Téamaithe**

**Treoshuíomh ar an gCampas**
**9-23 Meán Fómhair**
Beidh treoshuíomh ar an gCampas do Mhic léinn na 1ú bliana ar siúl an 19 agus 20 Meán Fómhair.

**Seachtain Rannpháirtíochta**
**26-30 Meán Fómhair**
Faigh amach faoi na slite éagsúla ar fad chun a bheith rannpháirtach i saol na hOllscoile.

**Seachtain na dTacaíochtaí Airgeadais**
**3-7 Deireadh Fómhair**
Faigh amach faoi na tacaíochtaí éagsúla ar fad atá ar fáil do Mhic léinn i SETU.

**Seachtain na Mac léinn céad bhliana**
**10-14 Deireadh Fómhair**
Glac páirt i ngníomhaíochtaí agus imeachtaí spraoí a eagraíonn Aontas na Mac léinn ar fud na seachtaine.

**Seachtain na Folláine**
**17-21 Deireadh Fómhair**
Foghlaim faoi shlite chun aire a thabhairt duit féin agus do do mheabhairshláinte.

**Seachtain na Scileanna Acadúla**
**24-28 Deireadh Fómhair**
Cuir eolas ar na tacaíochtaí acadúla atá ar fáil.

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 5

**Curaclam SETU a athmhúnlú chun curaclam taighde- bhunaithe, idirnáisiúnaithe a chruthú ar fud na gcampas go léir a chuirfidh san áireamh patrúin fostaíochta atá ag athrú, lárnacht an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe, agus na deiseanna a bhaineann le hinbhuanaitheacht, teicneolaíocht nua agus i mbéal a forbartha, agus riachtanais shibhialta agus shóisialta.**

**Tionscnaimh rochtana**

Ar an iomlán, tá líon na mac léinn atá cláraithe leis an tSeirbhís Míchumais ar fud SETU ag méadú bliain ar bhliain agus 1111 mac léinn san iomlán cláraithe sa bhliain acadúil 2022/23. Tá 9% de dhaonra foriomlán na mac léinn cláraithe anois leis an tSeirbhís Míchumas SETU. Tá na méaduithe is mó sna catagóirí Asperger/ Uathachas, ADD/ADHD, riochtaí Néareolaíochta, DCD, agus Meabhairshláinte.



Chun tacú le mic léinn atá cláraithe leis an tSeirbhís Míchumais, forbraíodh roinnt tionscnamh lena n - áirítear cláir oideachais agus oiliúint foirne maidir le neamhord ar speictream an uathachais, lena n - áirítear teagmháil le AsIAm agus Ahead. Chomh maith leis sin, chuaigh SETU i dteagmháil le gníomhaireachtaí seachtracha a bhfuil saineolas acu ar earcaíocht agus ar néaréagsúlacht lena n - áirítear Specialisterne (Clár Infhostaitheachta agus Clár Pobail) agus Rangam.

- Cuairt Madraí Cúnaimh Uathachais Éireann ar an bhfoireann agus ar na ranna (Aibreán 2023).
- Teagmháil le Port Láirge Oiriúnach don Uathachas (Autism Friendly Waterford) agus AsIAm.
- Treoir réamh-aistrithe a chruthú do mhic léinn uathachais le heolas úsáideach maidir leis an aistriú go SETU a dhéanamh.

## 7.4 COMHAIRLEOIREACHT DO MHIC LÉINN

**Comhairleoireacht Aonair:** Cuireadh 2,797 gcoinne sceidealaithe ar fáil le haghaidh síciteiripe agus 120 coinne do Mheasúnú Práinneach ar an lá céanna. Is ionann na hidirghabhálacha seo le chéile agus méadú 106 seisiún i gcomparáid leis an soláthar coibhéiseach sa bhliain acadúil roimhe, 2021/22. Tháinig méadú ar sholáthar idirghabhálacha grúpa ar fud raon na dtairiscintí síc-oideachais agus grúpaí teiripeacha. Léiríonn tuairiscí starógacha agus síciméadracha ar fheabhsú ar fheidhmiú agus ar fholláine na Mac léinn gur idirghabháil an-éifeachtach a bhí ann.




**Togetherall.com:** An 10 Deireadh Fómhair 2022 cuireadh an t-ardán tacaíochta piara agus meabhairshláinte Togetherall i bhfeidhm. Ón seoladh go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2023, chláraigh 253 mac léinn agus chuaigh siad i dteagmháil le Togetherall. Go speisialta, le linn na tréimhse sin, tháinig méadú go seasta ar na huaireanta rannpháirtíochta le Togetherall lasmuigh de Luan go hAoine, 9am go 5pm. Léiríonn sé seo gur sócmhainn luachmhar é Togetherall do mheabhairshláinte na mac léinn le linn amanna nuair nach bhfuil rochtain ar sheirbhísí ar an gcampas. Tá tuilleadh sonraí ar fáil ar an nasc seo a leanas: (https://www.setu.ie/current-students/student-support-services/counselling-service). I measc na dtionscnamh eile tá; Obair Duine le Duine le Mic léinn, comhdhálacha spriocdhírithe (*Meabhairshláinte Óige COBÁC agus, Gnóthaí Mac Léinn Éireann OTA).*

## 7.5 SPÓRT AGUS CUMAINN

Ag SETU, tá spórt mar chuid lárnach den chultúr. Is é ról Roinn Spóirt SETU timpeallacht chuimsitheach a chruthú do mhic léinn agus don phobal chun tabhairt faoi spriocanna sláinte, folláine, spóirt rannpháirtíochta agus spóirt iomaíocha. I measc roinnt de na buaicphointí tá:

- **Féile CA i mí Feabhra, 28 foireann, 20 cluiche in Airéine SETU**
- **Campaí a bhaineann go sonrach le spórt i lár an téarma (páistí sa mheánscoil).**




ARENA
NO ENTRY
PARKING
SET DOWN
SET DOWN
PARKDOWN

## Lúthchleasaithe den scoth i SETU

- **Conor Coleman** rinne sé ionadaíocht ar Éirinn ag Craobhchomórtais Ilspóirt Trí - atlan na hEorpa i mBilbao na Spáinne.
- **Odhran Savage** roghnaíodh é chun ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn ag Craobhchomórtais Dhomhanda na Surfála Tarrthála, a reáchtáladh san Iodáil.
- **Ciara Dennigan**, scoláire eachaíochta, a roghnaíodh  mar chuid de scuad marcach mac léinn na hÉireann don bhliain 2023.
- **Caitlin Kelly**, a dhéanann ionadaíocht ar Éirinn ag an leibhéal sinsearach faoi láthair, chuaigh sí san iomaíocht i gCraobhchomórtais Chearáité na hEorpa.
- **Patrick O'Loughlin**, scoláire rothaíochta, chuaigh seisean san iomaíocht d'fhoireann shinsearach náisiúnta na hÉireann sa Rás Tailteann.
- **Xena Jordan** rinne sí ionadaíocht ar Éirinn ag Craobhchomórtais Chósta Rámhaíochta an Domhain i mí Dheireadh Fómhair 2022.
- **Katie Bergin**, rábálaí as Tiobraid Árann, ba í an Seaimpín Náisiúnta Sinsearach Raoin agus Faiche ag 200m in 2022 agus 2023.
- **Eoghan Chelmiah** ba eisean an Seaimpín Comhrac Cearáité Bantamweight in 2022.
- **Eoin Cody**, ba eisean an GPA All Star 2023 agus Captaen Iomána Sinsearach Chill Chainnigh 2023.




Tá cumainn ina ngné riachtanach de shaol an champais i gcónaí, agus feidhmíonn cumainn atá á reáchtáil ag mic léinn mar bhunús dá n-eispéireas coláiste ag go leor mac léinn. Sa bhliain acadúil 2022/23 ghlac ár gCumann  Enactus nuachruthaithe páirt sa chomórtas CitiGroup Pathways to Success. Bhí beirt iomaitheoir sa bhabhta ceannais againn ar an lá sin, agus chuaigh siad ar aghaidh go dtí comórtas náisiúnta Enactus.



## Kristina

Léirmheasanna den scoth faoi chúrsaí gnó ag SETU a spreag Kristina chun cúrsa, coláiste agus tír a athrú

*CLICEÁIL ANSEO LE HAGHAIDH TUILLEADH EOLAIS*



## Mercy

Creideann Mercy, mac léinn ailtireachta sa cheathrú bliain, gur áit do gach duine í SETU i ndáiríre

*CLICEÁIL ANSEO LE HAGHAIDH TUILLEADH EOLAIS*

Tugann Ciarán achoimre ar a chuid ama ag SETU mar am a thug 'mothú iontach an mhuintearais' dó

## Ciarán

*CLICEÁIL ANSEO LE HAGHAIDH TUILLEADH EOLAIS*










## Alex

Bhí an - áthas ar Alex leas a bhaint as cúrsaí tríú leibhéil ar ardchaighdeán atá chomh gar don bhaile ag SETU

*CLICEÁIL ANSEO LE HAGHAIDH TUILLEADH EOLAIS*

Bhí Mahfous ag iarraidh staidéar a dhéanamh ar theicneolaíocht na faisnéise riamh agus fuair sé an cúrsa a raibh sé ag tnúth leis ag SETU

## Mahfous

*CLICEÁIL ANSEO LE HAGHAIDH TUILLEADH EOLAIS*




Bhí campas éagsúil cairdiúil ríthábhachtach do chinneadh Ishika SETU a roghnú

## Ishika

*CLICEÁIL ANSEO LE HAGHAIDH TUILLEADH EOLAIS*



# 8 ÁR RANNPHÁIRTÍOCHT



CUSPÓIR STRAITÉISEACH 7

**Comhpháirtíochtaí straitéiseacha leis an rialtas, le húdaráis áitiúla, leis an earnáil oideachais, leis an earnáil phoiblí, le fiontar, le cultúr, le heagraíochtaí deonacha agus pobail san oirdheisceart a threorú agus a dhoimhniú chun comhtháthú agus tionchar réigiúnach a uasmhéadú, cumas a fheabhsú chun pleanáil agus freagairt go bríomhar do riachtanais scileanna agus oideachais fostóirí atá ann faoi láthair agus atá ag teacht chun cinn, agus chun táirgiúlacht, fás agus inbhuanaitheacht an réigiúin a fheabhsú.**

## 8.1 RANNPHÁIRTÍOCHT RÉIGIÚNACH

### 8.1.1 Nascadh ar mhaithe le Tionchair le Réigiún an Oirdheiscirt

Agus í ag tógáil ar oidhreacht láidir chomhpháirtíochta agus rannpháirtíochta réigiúnaí, tá sé mar aidhm ag SETU forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha an Oirdheiscirt a threorú mar institiúid ancaire réigiúnach atá nasctha ar fud an domhain agus suite i gcroílár réigiúin atá dírithe ar Fhoghlaim agus Nuálaíocht. Agus forbairt Ag Nascadh ar mhaithe le Tionchar: Plean Straitéiseach Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt 2023 -2028 á mhúnlú, chuaigh an Ollscoil i gcomhairle go forleathan lena go leor páirtithe leasmhara réigiúnacha le linn na bliana féilire 2022.

Tá roinnt samplaí leagtha amach thíos den iliomad nasc a bhí ag SETU le comhpháirtithe réigiúnacha sa tréimhse acadúil 2022/23.

Agus í ag tacú le forbairt an Réigiúin Nuálaíochta, tá nascacht SETU leis an mbonn fiontair réigiúnach le feiceáil tríd an leibhéal suntasach rannpháirtíochta le 4 Thairseach Teicneolaíochta SETU (SEAM, PMBRC, Walton, Design+). Sa bhliain acadúil 2022, thug SETU faoi 54 chomhaontú comhairliúcháin agus 76 chomhaontú taighde mar aon le 108 tionscadal dearbhán nuálaíochta leis an tionscal. Tugann SETU fíor-thacaíocht do tháirgiúlacht in earnálacha a dtugtar tús áite dóibh i straitéis Speisialtóireachta Cliste de chuid an réigiúin; innealtóireacht, ard - déantúsaíochta, teicneolaíocht, seirbhísí gnó, bia, cógasaiocht agus teicneolaíocht leighis.

Is é uaillmhian SETU cumas an éiceachórais nuálaíochta réigiúnaí a fheabhsú trí fhiontraíocht réigiúnach a chothú agus a fhorbairt. Sa bhliain acadúil 2022/23 thacaigh SETU trína sheirbhís nuálaíochta agus gorlainne atá dírithe go réigiúnach ar ghnólachtaí nuathionscanta agus FBManna le níos mó ná 55 cuideachta agus fiontraí a fhostaíonn níos mó ná 350 fostaí.

Is tionscadal atá á mhaoiniú ag Colún III de chuid HCI é GROWTHhub de chuid SETU a fhéachann le hinniúlachtaí agus meon fiontraíochta mac léinn a mhúnlú a imríonn tionchar ar fhoghlaimeoirí, ar fhiontair agus ar an tsochaí. I gcomhar le le OT Bhaile Átha Cliath agus le comhpháirtithe réigiúnacha, bhí 1,167 mac léinn rannpháirteach sa GROWTHhub sa tréimhse 2022/23, ag a lán imeachtaí amhail ceardlanna idéú, féilte haiceála, grodchúrsaí fiontraíochta, ráibeanna deartha, clár luasaire mac léinn, aoi - léachtaí agus seisiúin mheantóireachta aonair.

Is tionscnamh atá gníomhach sa tionscal é an bhraisle d' Innealtóireacht an Oirdheiscirt a thugann cuideachtaí a bhaineann le hinnealtóireacht an réigiúin, a sholáthraithe eolais agus a ghníomhaireachtaí rialtais le chéile. Tá braisle SETU ar cheann de 12 bhraisle sa tír a sholáthraíonn slí do chuideachtaí comhoibriú le tionscail atá ar aon intinn sa réigiún chun saincheisteanna comhchoiteanna a réiteach.

Tá gníomhaíochtaí agus seirbhísí braisle dírithe ar na colúin lárnacha seo a leanas:

- **Forbairt eolais agus scileanna**
- **Rannpháirtíocht an tionscail in TF&N a mhéadú**
- **Innealtóireacht a chur chun cinn**
- **Comhoibriú idir páirtithe leasmhara.**




Le blianta beaga anuas tá an réigiún aitheanta go hidirnáisiúnta in earnálacha ar nós Hiodrálaic, Uathoibriú, Tógáil Mhodúlach agus Eolaíochtaí Beatha chomh maith le hearnálacha nua spreagúla ar nós Fuinneamh Gaoithe amach ón gCósta agus Aeraspáis a chruthaíonn deiseanna ollmhóra ó thaobh riachtanais scileanna teicniúla agus acmhainneacht taighde fheidhmigh. Is meicníocht éifeachtúil í an bhraisle chun rochtain éifeachtúil, shimplí a thabhairt do na hearnálacha seo ar an Ollscoil. Le haghaidh tuilleadh eolais gabh chuig: *www.engineeringthesoutheast.com*

Is comhpháirtí GFT ríthábhachtach é SETU maidir leis na cumais tallainne, taighde agus nuálaíochta laistigh den réigiún a chur chun cinn do thoscaireachtaí idirnáisiúnta atá ag féachaint ar an Oirdheisceart mar shuíomh infheistíochta. I rith na bliana bhí SETU ina hóstach do go leor toscaireachtaí faoi stiúir GFT a bhí ag iarraidh tuiscint a fháil ar phunann chláir, próifíl céimithe agus inniúlachtaí taighde na hOllscoile.

Tá SETU tiomanta dá naisc sa Ghaeltacht réigiúnach, An Rinn,a neartú. Trína chomhoibriú le hÚdarás na Gaeltachta agus le Nemeton TV, d'éirigh le scannáin arna léiriú ag mic léinn SETU ar an Ard Dioplóma i Léiriú Teilifíse agus na Meán dhá cheann de na gradaim is fearr a bhaint amach ag Gradaim Náisiúnta Meán na Mac Léinn 2022. Chomh maith leis sin, in 2022, bhronn an Chomhairle um Thaighde in Éirinn (IRC) scoláireacht arna comhaoiniú ag Údarás na Gaeltachta ar an mac léinn PhD Nadia Blanchfield chun iniúchadh a dhéanamh ar bhuntáistí agus ar mhíbhuntáistí na Gaeilge do ghnólachtaí áitiúla agus ar bhealaí chun cabhrú leis na gnólachtaí sin leathnú níos faide ná a dteorainneacha Gaeltachta.

Is príomh - chomhpháirtí é SETU leis an tionscal agus le soláthraithe oideachais eile sna Fóraim Scileanna Réigiúnacha don oirdheisceart agus do réigiúin an lár-oirthir. Bunaithe ar riachtanais an tionscail réigiúnaigh, bronnadh €9.9m ar SETU faoi chlár Lingchláir+ an Rialtais in 2022 chun os cionn 2000 áit a sholáthar ar 27 cúrsa uasoiliúna agus athoiliúna i ngnó, innealtóireacht ríomhaireachta, eolaíocht agus fáilteachas.

D'fhorbair an Dámh um Fhoghlaim ar feadh an tSaoil ag SETU roinnt comhpháirtíochtaí san oideachas agus tríd an gcomhoibriú seo thacaíomar le hoideachas pobail ag cruthú conairí ardoideachais bunathraitheacha . Táimid ar thús cadhnaíochta maidir le rochtain agus rannpháirtíocht a leathnú le blianta fada, agus tá sé seo ina thosaíocht straitéiseach ag SETU i gcónaí.

Tá SETU ag obair i gcomhar le An Cosán ó 2008 i leith ar fhorbairt agus ar sheachadadh cúrsaí ardoideachais d'fhoghlaimeoirí na heagraíochta. Aithníodh an comhoibriú go náisiúnta mar shamhail rannpháirtíochta a bhriseann timthriall an mhíbhuntáiste oideachais agus a shroicheann foghlaimeoirí nach mbeadh rochtain acu ar oideachas tríú leibhéil de ghnáth.

Tá comhpháirtíocht sheanbhunaithe ag an Dámh freisin le Tiglin, eagraíocht a chuireann cláir athshlánúcháin ar fáil do dhaoine atá buailte ag andúil i ndrugaí agus alcól. In 2022 thug an tÚAO aitheantas don gcomhoibriú seo a bhfuil a lán tionchair aige agus bhronn sé €833,333 ar SETU agus Tiglin chun sraith micridhintiúr a chomhchruthú agus cúrsaí a thógáil a bhaineann go sonrach le riachtanais úsáideoirí seirbhíse ag Tiglin agus ag ionaid chóireála andúile eile san oirdheisceart.  Tríd an gcomhoibriú seo, d'éirigh linn oideachas a thabhairt do go leor daoine nár shamhlaigh riamh, trí thaithí nó tosca roimhe seo, go mbeadh oideachas mar chuid dá saol.

I gcomhpháirtíocht le Cúramóirí Teaghlaigh Éireann, sheol an Dámh an tionscadal 'Ag Tacú le Cúramóirí Teaghlaigh ar fud na hÉireann' i mí na Bealtaine 2022. Cuireadh tús leis an gcomhpháirtíocht in 2018 le comhchruthú an Teastais leibhéal 6 i gCúram Teaghlaigh a cuireadh ar fáil i naoi réigiún éagsúla ar fud na tíre in 2019 agus 2020.

Mar aitheantas ar obair na Dáimhe le Cúramóirí Teaghlaigh Éireann, bronnadh €1,000,000 air chun an tionscadal a leathnú thar thrí bliana ó 2022 go 2024 trí bhronnadh maoinithe feidhmíochta an ÚAO. Tá an tionscadal dírithe ar chúramóirí teaghlaigh a chumasú chun tuilleadh muiníne a bheith acu ina róil mar chúramóirí aonair, a mhothú go n - éistear leo, go bhfuil meas orthu agus nach bhfuil siad ina n - aonar agus iad ag tabhairt aire dá ngaolta. Lena chois sin cuireann sé straitéisí féinchúraim na gcúramóirí teaghlaigh chun cinn ionas gur féidir leo freastal ar a riachtanais phearsanta féin freisin, agus ról cúraim a choinneáil do dhaoine eile ag an am céanna.



*Sa phictiúr seo tá Leona Davey, cúramóir teaghlaigh agus céimí SETU, in éineacht lena fear chéile Anthony, a mac Alex agus a iníon Emma, ina dteach i gCo. an Chábháin.*




Fuair níos mó ná 200 oifigeach míleata agus pearsanra liostáilte a gcuid cáilíochtaí ag bronnadh dámhachtainí acadúla ar chomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann ag Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt an 13 Eanáir, 2023.

Bhí páirt shuntasach ag SETU i dtacú le gnóthachtáil oideachais bhaill Óglaigh na hÉireann trí mhalartú eolais agus forbartha acadúla thar ár gcaidreamh 11 bhliain.

I mí Aibreáin 2023, rinne SETU agus Óglaigh na hÉireann athnuachan ar ár Meabhrán Comhaontaithe, a síníodh ar dtús in 2012. Bhí suntas ar leith ag baint leis an síniú mar gurb é an chéad chomhaontú oifigiúil é idir Óglaigh na hÉireann agus ár n - Ollscoil nua. Dheimhnigh athnuachan an chomhaontaithe go raibh fonn mór ar an dá pháirtí oibriú le chéile chun ár gcomhoibriú a leathnú de réir fhís SETU don réigiún, agus ar aon dul le cuspóirí straitéiseacha Óglaigh na hÉireann féin.

Ó 2017 i leith, tá an oiliúint tosaigh á cur ar fáil ag Scoil Daonnachtaí SETU do gach oifigeach príosúin in Éirinn, tríd an gclár Ardteastais i gCúram Coimeádta dhá bhliain i gcomhar le Seirbhís Phríosúin na hÉireann. Le linn na bliana acadúla 2022/23, chríochnaigh 300 mac léinn an clár seo.

Bronnadh €100,000 ar mhic léinn ar Champas Bhóthar Summerhill de chuid SETU i Loch Garman ó thionscadal Tumoideachais Margaíochta Neamhbhrabúis Google a mheaitseálann mic léinn mhargaíochta digití le heagraíochtaí neamhbhrabúis a dteastaíonn tacaíocht uathu le fógraíocht dhigiteach. D'oibrigh na mic léinn le hocht bhfiontar sóisialta sna Stáit Aontaithe agus go réigiúnach chun feachtais mhargaíochta digiteacha a dhearadh agus a chur i bhfeidhm, agus iad saincheaptha chun freastal ar riachtanais gach eagraíochta.

In 2022, chomhoibrigh Ionad Rannpháirtíochta STEM SETU, Calmast, le bunscoileanna agus meánscoileanna, leis an tionscal, le húdaráis áitiúla agus le grúpaí pobail agus neartaigh sé braislí STEM ar fud réigiún an oirdheiscirt. Bhí breis agus 70 príomhghníomhaí páirteach ann. Rinne Calmast comhordú ar go leor féilte lena n - áirítear Féilte Eolaíochta an Oirdheiscirt, Bealtaine Living Earth Festival, Scoileanna Samhraigh agus Geimhridh Robert Boyle agus Féile Innealtóireachta an Oirdheiscirt, imeachtaí a mheall breis is 30,000 duine. Ag Seachtain Mata, imeacht uile-oileáin atá á reáchtáil ag Calmast, taifeadadh 450,000 rannpháirtithe ar fud na tíre.





## 8.2 RANNPHÁIRTÍOCHT IDIRNÁISIÚNTA


### 8.2.1 Rannpháirtíocht idirnáisiúnta smaoineamh domhanda, tionchar domhanda

Ina Plean Straitéiseach 2023 -2028 - Ag Nascadh ar mhaithe le Tionchar leagann SETU béim ar a thiomantas láidir do chomhpháirtíochtaí domhanda agus idirnáisiúnú, ag bunú 2024 mar sprioc chun plean straitéiseach nua a fhoilsiú a leagann amach a uaillmhian maidir le rannpháirtíocht agus nascacht dhomhanda, agus a thacaíonn le fás suntasach i rolluithe idirnáisiúnta mac léinn. Tríd an bplean seo, cinnteoidh SETU go mbainfidh sí leas as an gcomhthiomsú ollmhór eolais, taithí, nuálaíochtaí agus acmhainní institiúidí agus daonraí ar fud an domhain chun cáilíocht gníomhaíochta acadúla SETU a ardú tuilleadh, agus ag an am céanna oideachas atá ábhartha ar fud an domhain a chur ar fáil do mhic léinn agus do chéimithe a ullmhaíonn iad do na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le domhan idirnasctha.

Is é an uaillmhian ardleibhéil fhoriomlán ná go bhforbróidh SETU cur chuige comhroinnte inbhuanaithe i leith comhpháirtíochtaí domhanda agus idirnáisiúnú a shaibhríonn ár gcomhshaol, ár n - oideachas agus ár dtaighde, a chothaíonn deiseanna eisceachtúla dár ndaoine, dár bpobail agus dár ngeilleagar, agus a spreagann forbairt réigiúin idirnáisiúnta chuimsithigh oscailte a thairgeann caighdeán saoil agus todhchaí shocheacnamaíoch den scoth do chách.

**CUSPÓIR STRAITÉISEACH 8**

**Comhpháirtíocht a dhéanamh go hidirnáisiúnta chun ár dtionchar a leathnú agus a uasmhéadú, chun ár mealltacht agus ár gcáil a fheabhsú, agus réigiún oscailte, uilechuimsitheach a chur chun cinn.**




*Fíor 9:* Rannpháirtíocht idirnáisiúnta smaoineamh domhanda, tionchar domhanda

Agus an uaillmhian seo maidir le hidirnáisiúnú á baint amach aige, cuirfidh SETU leis na héachtaí suntasacha atá bainte amach aici go dtí seo. Cuimsíonn siad seo réimse leathan tionscnamh agus gníomhaíochtaí a bhaineann le pobal ilghnéitheach mac léinn a chruthú, feabhas a chur ar thionscnaimh chomhoibritheacha idirnáisiúnta, cláir mhalartaithe a leathnú, rannpháirtíocht i dtionscnaimh oideachais thrasnáisiúnta, timpeallacht ilchultúrtha a chothú, raon leathan clár atá ábhartha ar ardchaighdeán ar fud an domhain a chur ar fáil, agus fócas ar mhic léinn a ullmhú do dhomhan domhandaithe.

### 8.2.2 Forbairtí Idirnáisiúnta

I measc na gcomhaontuithe foirmiúla ar leibhéal na hOllscoile ar cuireadh tús lena gcur i bhfeidhm sa tréimhse tuairiscithe seo tá:

- **EU–CONEXUS – Ollscoil Eorpach um Inbhuanaitheacht Chósta Uirbeach Chliste**
- **Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt - Henan University of Animal Husbandry and Economy Joint Institute (SETU - HNUAHE Joint Institute) dá nglaoití Coláiste Idirnáisiúnta Teicneolaíochta Cheatharlach roimhe seo (CICT), China**
- **South East Technological University - Nanjing University of Information Science and Technology Joint Institute (SETU-NUIST Joint Institute) dá nglaoití NUIST Waterford Institute, China roimhe seo.**

### 8.2.3 Staitisticí Idirnáisiúnta 2022/2023

- 17,938 Mac léinn SETU ó 116 tír, 15.5% de mhic léinn as 110 náisiún seachas Éire (ní áirítear OS, Erasmus ná printísigh). Tá méadú tagtha ar an dara ceann ó 14% in 2021/2022.
- 940 mac léinn idirnáisiúnta (ní áirítear Mic Léinn ó thíortha thar lear (OS), Erasmus ná printísigh), arb ionann é agus méadú 36.5% ar an mbliain roimhe sin.
- B'ionann mic léinn idirnáisiúnta lánaimseartha agus 7.43% de dhaonra iomlán na mac léinn lánaimseartha, suas ó 5.06% sa bhliain roimhe sin.
- 650 mac léinn neamh - AE (ní áirítear Mic Léinn ó thíortha thar lear (OS), Erasmus ná printísigh), arb ionann é agus méadú 32.7% ar an mbliain roimhe sin.
- B'ionann mic léinn lánaimseartha neamh - AE agus 5.7% de dhaonra iomlán na mac léinn lánaimseartha, suas ó 4.2% an bhliain roimhe sin.
- Beagnach €5 mhilliún d'ioncam neamh - AE, arb ionann é agus méadú 25% ar an mbliain roimhe sin.
- 566 mac léinn TNE (Oideachas Trasnáisiúnta), a léiríonn méadú dhá oiread i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.
- 211 Comhaontú idirinstitiúideach Erasmus+ le 346 soghluaisteacht mac léinn (91.6% le tacaíocht ón gclár Erasmus+).
- Os cionn céad comhaontú foirmiúil comhair ar fud na hÁise, na hEorpa, na hAigéine, na hAfraice, agus Mheiriceá Thuaidh agus Theas.

Bhain 53% de na páipéir a comhúdaraíodh le taighdeoirí (ó 2018, Foinse: SciVal le sonraí Scopus) le 1047 eagraíocht éagsúil ar fud 104 tír. San áireamh san 10 dtír is mó a chuir leis tá an Ríocht Aontaithe, na Stáit Aontaithe, an Fhrainc, an tSín, an Iodáil, an Spáinn, an Airgintín, an Ghearmáin, an Astráil agus an Bhrasaíl.



An tUasal Niall Collins, an tAire Stáit um Bhreisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht sa phictiúr leis an Ollamh Veronica Campbell, Uachtarán SETU agus foireann SETU do sheoladh idirnáisiúnta Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt ag áras Ambasadóir na hÉireann go SAM, Geraldine Byrne Nason, i Washington D.C. Tharla an seoladh idirnáisiúnta ar aon dul le comóradh bliana ó bunaíodh SETU mar ollscoil teicneolaíochta i mí na Bealtaine 2022.



# 9 INBHUANAITHEACHT



## CUSPÓIR STRAITÉISEACH 9

**A chinntiú go bhfuil forbairt inbhuanaithe leabaithe i gceannaireacht, rialachas agus oibríochtaí SETU, agus go bhfuil pobal foirne agus mac léinn SETU ar an eolas ó thaobh inbhuanaitheachta de agus go gcuimsíonn siad cleachtas inbhuanaitheachta sa saol ollscoile ó lá go lá.**

### 9.1 INBHUANAITHEACHT AGUS FORBAIRT CAIPITIL

Fuair SETU maoiniú ÚAO agus SEAI chun an Scoil Ghnó, campas Bhóthar Chorcaí, Foirgneamh Phort Láirge agus Burrin, campas Bhóthar Chill Chainnigh, Ceatharlach a dhícharbónú.

**An Scoil Ghnó Foirgneamh** (Campas Bhóthar Chorcaí, Port Láirge)



Áiríodh leis na hoibreacha ar an Scoil Ghnó iarfheistiú domhain fabraice ar an bhfoirgneamh, a chuimsigh fuinneoga agus doirse nua, an foirgneamh a fhilleadh in insliú seachtrach, soilsiú LED a chur in ionad soilsithe neamh-LED agus na haonaid láimhseála aeir a uasghrádú. Cuireadh tús leis na hoibreacha ar an Scoil Ghnó ar an láthair in 2023 agus tá sé i gceist an tionscadal a chríochnú le haghaidh tús na bliana acadúla 2023/2024.

I measc na n - oibreacha ar Fhoirgneamh Burrin beidh caidéal teasa foinse aeir ardteochta a shuiteáil, uasghrádú ar an gcóras teasa lena n - áirítear obair ar na píobaí agus rialuithe, feabhas a chur ar fhabraic an dín, agus soilsiú nua a chur isteach. Tá sé beartaithe go mbogfaidh an tionscadal seo go dtí céim na tógála in 2024 tar éis cead a fháil dul ar aghaidh.

Cuirfidh na hoibreacha sa liosta thuas feabhas ar chompord teirmeach, agus laghdóidh siad ídiú fuinnimh agus ár spleáchas ar bhreoslaí iontaise.

Críochnófar an Foirgneamh Seirbhísí Corparáideacha nua ar Champas Cheatharlaigh go luath in 2024, beidh rátáil BER 'A' ag an bhfoirgneamh, bainfidh sé úsáid as teaschaidéil aer go huisce le haghaidh téimh, agus comhlíonfaidh sé NZEB (Caighdeán Foirgnimh Fuinnimh Beagnach Nialasach), agus beidh pointe luchtaithe d'fheithiclí leictreacha san áireamh ann.

Tá sé mar aidhm ag SETU úsáid an bhonneagair atá ann cheana a bharrfheabhsú agus bonneagar fisiciúil agus digiteach nua a fhorbairt chun freastal ar fhás agus chun tacú le nuálaíocht réigiúnach.

I measc na spriocanna amach anseo d'fhorbairt caipitil atá ar bun in 2023/2024 beidh láithreán Waterford Crystal a fháil agus pleananna a fhorbairt dár gCampas Loch Garman, agus tacú leis an dá cheann trí iarratais ar mhaoiniú faoi Chiste Tionscadal Straitéiseach na hEarnála Teicneolaíochta (TSSPF). .

**Foirgneamh Seirbhísí Corparáideacha Nua** (Campas Bhóthar Chill Chainnigh, Ceatharlach)

**Foirgneamh Seirbhísí do Mhic Léinn** (an Dome roimhe seo, Campas Phort Láirge)







- Infheistíocht €25.9m
- (Le críochnú R1 2024)
- Rátáil BER A3
- Oll-achar urláir inmheánach 5,000M² thar 4 urlár
- 240 spás deisce foirne
- Toilleadh seomra cruinnithe 100 duine
- 190 spás béile
- Oll-achar urláir inmheánach 5,000M² ar fud 4 urlár
- I measc na n - oibreacha seachtracha bhí spás plásóige tírdhreachaithe, carrchlós do chuairteoirí, limistéar chun feithiclí leictreacha a luchtú agus a chothabháil/seirbhísiú.

Foirgneamh Seirbhísí do Mhic Léinn (an Dome roimhe seo, Campas Phort Láirge):

- Infheistíocht: €2.2m,
- Iarfheistiú Domhain & Athchóiriú Inmheánach
- Oll-achar urláir inmheánach: 883 méadar cearnach
- Dáta críochnaithe: R4, 2023
- Rátáil BER B2
- Spásanna Deisce Foirne: 40
- Toilleadh Seomra Cruinnithe / Oiliúna: 10
- Seomraí Comhairleoireachta: 4
- Limistéar Sóisialta do na Mic Léinn: 1.



## 9.2 GNÍOMHAÍOCHT INBHUANAITHE AG SETU

### 9.2.1 Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Cláir Náisiúnta um Fheasacht ar Fhuinneamh

Bhí SETU ina cheannaire san earnáil maidir le fuinneamh a laghdú agus leanfaidh sé leis na caighdeáin sin a bhaint amach trí fhuinneamh a laghdú ar bhonn leanúnach. Tugann an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 taca dlíthiúil do ghníomhú ar son na haeráide ag an earnáil phoiblí. Tá an earnáil phoiblí le bheith i gceannas trí shampla, rud a léiríonn an gníomh aeráide is gá chun astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann a laghdú 51% faoi 2030. Foilsíodh an chéad Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide i mí Bhealtaine 2023 agus tá sé ar fáil ag: *https://www.setu.ie/about/our-ambition/sustainability*

Táimid fós rannpháirteach go gníomhach sna Cláir Náisiúnta Feasachta ar Fhuinneamh, lena n - áirítear tionscnamh 'Optimising Power @ Work' an OOP agus an comhfheachtas 'Laghdaigh d'Úsáid' de chuid OOP & SEAI. Tá sé mar aidhm ag na cláir seo athruithe iompraíochta a thionscnamh, dramhaíl fuinnimh a aithint agus a dhíothú, agus éifeachtúlacht a chur chun cinn. Eagraíodh gníomhaíochtaí éagsúla ar an gcampas, ar nós laethanta 'Feasacht Fuinnimh ', ceardlanna, iniúchtaí, agus feachtais feasachta fuinnimh.



### 9.2.2 Scéim Cupán in - athúsáidte le haghaidh deochanna te

Chun ár spleáchas ar chupáin dí indiúscartha aonuaire a laghdú, thairg SETU laghdú costais athraitheach ar dheochanna te do bhaill foirne, do mhic léinn agus do chuairteoirí a thugann leo agus a úsáideann cupán in - athúsáidte. Laghdóidh sé seo carbón i ndéantúsaíocht, iompar, agus diúscairt na gcupán seo.



### 9.2.3 Iompar D'Éirinn (TFI)

Tá SETU i gcomhpháirtíocht le Clár Taistil Níos Cliste TFI atá ina chlár um athrú iompair chun Pleananna Taistil deonacha an Champais a chur i bhfeidhm a chuireann comaitéireacht inbhuanaithe agus ghníomhach chun cinn agus a spreagann í seo. Cuireann Dúshláin Chéime Bhliantúla agus Dúshláin Rothaíochta taisteal gníomhach chun cinn agus spreagann siad baill foirne agus mic léinn le bheith níos gníomhaí ar a gcomaitéireacht chuig agus ó na campais. Tugann suirbhéanna bliantúla foirne agus mac léinn eolas luachmhar maidir le nósanna comaitéireachta, cuireann siad feabhas ar ár dtacaíocht do chomaitéirí agus ar ár bpleanáil don todhchaí. Chuir roinnt daoine dár mic léinn tionscadail isteach laistigh dá réimsí staidéir faoi seach, inar mhol, inar éasaigh agus inar chuir siad modhanna taistil inbhuanaithe agus gníomhacha chun cinn chuig an gcampas. Thuill na tionscnaimh seo aitheantas dóibh mar iomaitheoirí sa bhabhta ceannais i Searmanas Náisiúnta Gradaim na Mac Léinn.

Cuireadh Scéim Rothar Phort Láirge de chuid TFI i bhfeidhm i dtimpeallachtaí cathracha uirbeacha ar dtús agus leanfaimid orainn ag obair le TFI chun an scéim a leathnú chuig campais eile de chuid SETU.

**www.bikeshare.ie**

Chun tuilleadh eolais a fháil ar Thaisteal Níos Cliste lean an nasc *TFI Smarter Travel - National Transport*.

### 9.2.4 Samplaí de thionscnaimh eile

- **Agus aghaidh á tabhairt ar ár dtiomantas don Oideachas ar mhaithe le Forbairt Inbhuanaithe, thacaigh N - TUTORR le máistir - rang forbartha foirne maidir le hinbhuanaitheacht agus forbraíodh agus foilsíodh creat forbartha curaclaim lena n - áirítear inbhuanaitheacht.**
- **Thacaigh SATLE (An Ciste um Fheabhsú ar Ailíniú Straitéiseach Teagaisc agus Foghlama) le roinnt tionscadal inbhuanaitheachta lena n - áirítear, acmhainní oscailte a fhorbairt atá dírithe ar oideachasóirí chun scileanna a thabhairt dóibh chun aghaidh a thabhairt ar fhorbairt inbhuanaithe agus í a mhúineadh, le tacaíocht ó fhoireann uirlisí oideolaíocha phraiticiúil chun inniúlacht inbhuanaitheachta a fhorbairt.**
- **Suiteáladh 28 scairdeán uisce ar fud champais SETU agus mar thoradh air sin sábháladh 712,551 buidéal plaisteach, rud a bhain breis is 59,000 kgCO2e.**
- **Tugadh isteach tionscnamh 'No Mow May' an Ionaid Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta ar ár gcampas ar Bhóthar Chill Chainnigh agus feabhsaíodh é ar champais Bhóthar Chorcaí agus Charraig an Óir.**
- **Suiteáladh boscaí go ghabhláin ghaoithe ar an bhFoirgneamh Innealtóireachta agus Teicneolaíochta ar champas Bhóthar Chill Chainnigh roimh theacht na n - éan go hÉirinn don séasúr póraithe agus glacadh le gach bosca ina dhiaidh sin**
- **Cuireadh iarratas chun cinn don Bhratach Ghlas de chuid An Taisce faoin gcatagóir Bruscar agus Dramhaíl**
- **Rannóg nua láithreán gréasáin atá tiomnaithe don inbhuanaitheacht https://www.setu.ie/about/our-ambition/sustainability Déantar iniúchadh sa chuid nua seo ar théamaí riachtanacha inbhuanaitheachta, lena n - áirítear Fuinneamh, Taisteal & Iompar, Bithéagsúlacht, Clár an Champais Ghlais, agus Lónadóireacht.**

Ceapfaidh SETU Leas - Uachtarán Comhlach um Inbhuanaitheacht in 2024.





# 10 ÁR BHFOIREANN



## CUSPÓIR STRAITÉISEACH 10

**Cultúr ollscoile aonadach a thógáil a chothaíonn mothú láidir pobail roinnte ina dtugtar aitheantas agus meas d'fhostaithe agus ina gcothaítear folláine agus sonas.**

Is é ár n - uaillmhian dár bhfoireann SETU a bheith ina príomhfhostóir is rogha leo, trí cultúr folláine, rannpháirtíochta agus barr feabhais acadúil agus eagraíochtúil a chothú. Sa tréimhse 2022/23 tá sé mar aidhm againn tacú lenár bpobal a gcumas is airde a bhaint amach agus sinne ag díriú ar thorthaí oideachais níos fearr a bhaint amach dár mic léinn, nuálaíocht agus taighde ar ardchaighdeán, agus tionchar níos mó ar ár réigiún. Sa chuid seo den tuarascáil, dírímid aird ar roinnt tionscnamh a bhfuil sé mar aidhm acu ár spriocanna don fhoireann a bhaint amach.

| PTFanna FOIRNE | Faoi láthair | 2028 |
|---|---|---|
| **CÓIMHEAS FOIREANN ACADÚIL LE PMSS** | 2 : 1 | 2 : 1.5 |
| **CAITEACHAS AR OILIÚINT FOIRNE** | €300k (1.5% Neamh-phá) | +30% |
| **BAILL FOIRNE AG A BHFUIL PHD** | 365 | 485 |
| **GRADAIM ATHENA SWAN** | OIDHREACHTA, 3 GRADAM ROINNE | OLLSCOIL 8 GRADAM ROINNE |

*Tábla 1:* **SETU staff key performance indicators (KPIs) from SETU Strategic Plan 2023-2028**




Tá PhDanna ag **44%** d'fhoireann acadúil lánaimseartha SETU. Tá **9** dtaighdeoir iardhochtúireachta ag SETU (2022/23). De réir thuairisceán an tsuirbhé Ardoideachais um Thaighde agus Forbairt, rangaíodh **624** ball foirne acadúla ó SETU mar Ghníomhach i dTaighde.

## 10.1 PRÓIFÍL FOIRNE

Tá tuairim is 1,500 ball foirne ag SETU. Taispeánann Tábla 2 líon na mball foirne de réir catagóire.

| | 2021 - 22 | 2022 - 23 |
|---|---|---|
| **Acadúil** | 787 | 818 |
| **Bainistíocht** | 44 | 42 |
| **Cléireachas/Riarachán** | 209 | 227 |
| **Teicniúil** | 119 | 124 |
| **Foireann Tacaíochta** | 47 | 52 |
| **Tacaíocht do mhic léinn** | 21 | 20 |
| **Foireann Taighde arna maoiniú ag an Státchiste** | 81 | 94 |
| **Poist eile atá bunaithe ar thaighde agus/nó speisialtóra atá bunaithe ar thionscadail, arna maoiniú ó fhoinse eile seachas an Státchiste** | 146 | 143 |
| **Iomlán** | **1,454** | **1,519** |

*Tábla 2:* Próifíl Foirne SETU (Foinse: Tuairisceáin SETU ECF Márta 2022, Márta 2023)

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 11

**Ár bhfoireann a chumhachtú agus a chumasú chun a n-acmhainn is fearr a bhaint amach i dtimpeallacht oibre shásúil shona, le roghanna soiléire dul chun cinn gairmréime do chách.**

## 10.2 ATHRÚ AG SETU

Is grúpa de bhreis agus céad seaimpín um athrú a oibríonn go deonach é an Líonra um Athrú ó gach réimse de SETU. Seoladh é ar dtús chun comhrá oscailte idir foireann an tionscadail PMO agus comhghleacaithe ó gach réimse den Ollscoil a éascú. Cuirtear baill den líonra um athrú ar aon eolas ar dhul chun cinn go rialta agus cuirtear é seo in iúl dá líonraí comhghleacaithe ar fud na heagraíochta:

1. **Chun feasacht agus aiseolas ar smaointe, moltaí agus ionchur a mhéadú.**
2. **Chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhearnaí in ionadaíocht.**
3. **Gach nuashonrú rialta a dhaingniú i gcur chun feidhme Phlean Straitéiseach SETU mar chur chuige 'Luachanna i mbun Gnímh' agus mar bhealach chun cumarsáid ollscoile maidir le hathrú agus claochlú a fheabhsú.**

## 10.3 AN TSEIRBHÍS CÚNAIMH D'FHOSTAITHE

Is seirbhís tacaíochta saor in aisce agus rúnda í an tSeirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe atá á cur ar fáil ag Spectrum, cuideachta neamhspleách, a sholáthraíonn eolas agus saineolas faoi iompar an duine agus meabhairshláinte. Tá an tSeirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe ar fáil 24/7, 365 lá sa bhliain, 47/7 ag soláthar tacaíochta cliniciúla ar an nóiméad, le hatreorú chuig comhairleoireacht nuair is cuí go cliniciúil.

Ina theannta sin, tá roinnt seimineár gréasáin réamhthaifeadta maidir le sláinte agus folláine Spectrum Life ar fáil d'fhostaithe ar ár suíomh gréasáin ar ábhair lena n - áirítear Straitéisí Cóipeála don Saol, Athléimneacht a Thógáil, agus do Thimpeallacht a Athrú ar mhaithe le Folláine.




An grúpa Líonraithe um Athrú ar chuairt ar champas Bhóthar Chill Chainnigh i gCeatharlach.




## 10.4 COMHIONANNAS, ÉAGSÚLACHT AGUS CUIMSIÚ I SETU

Seolfaidh SETU a chéad Phlean Straitéiseach um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (EDI) go luath (in 2024), ina leagtar amach an fhís, an misean agus na príomhchuspóirí straitéiseacha EDI do SETU do na cúig bliana amach romhainn. Tá an straitéis EDI seo ailínithe agus comhtháite le misean agus luachanna SETU, mar atá leagtha amach in Ag Nascadh ar mhaithe le Tionchar: Plean Straitéiseach Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt 2023 -2028. Tá sí ar aon dul freisin leis an reachtaíocht náisiúnta, leis an mbeartas náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus le tosaíochtaí straitéiseacha náisiúnta. Is coiste de chuid an Bhoird Rialaithe é an Coiste EDI. Bunaíodh i mí Feabhra 2023 é.

Beidh an Plean Straitéiseach EDI dírithe ar 6 phríomhréimse tosaíochta, a chuimsíonn pobal iomlán na hOllscoile:

- Daoine, Luachanna agus Cultúr
- Rannpháirtíocht agus Comhoibriú
- Taighde agus Nuálaíocht
- Teagasc, Foghlaim agus Eispéireas an Mhic léinn
- Timpeallacht Fhisiciúil agus Dhigiteach
- Tionchar agus Rath a Thomhas.

### CUSPÓIR STRAITÉISEACH 12

**Comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a lárshruthú go gníomhach ar fud ár n - Ollscoile, áit a ndéanann gach rannpháirtí i saol na hollscoile cuid dá saol laethúil de luachanna an chomhionannais agus an ionchuimsithe inár n - idirghníomhaíochtaí, inár n - iompraíochtaí agus inár n - oibríochtaí, agus ar an mbealach a dtreoraímid agus a mbainistímid.**







Agus cuspóir straitéiseach 12.7 á leanúint aici, déanfaidh SETU a dícheall ainmniúchán a bhaint amach faoi Ollscoil an Tearmainn. I measc na n - éachtaí atá bainte amach go dtí seo tá:

- Ainmníodh SETU mar Sheaimpíní Comhionannais Inscne Ionchuimsitheacha na hEorpa leis an gcéad ghradam um Chomhionannas Inscne Cuimsitheach de chuid an Choimisiúin Eorpaigh sa Bhruiséil i mí an Mhárta 2023. Tá sé mar aidhm ag an gradam feasacht an phobail a ardú maidir leis an tábhacht a bhaineann le dul i ngleic le comhionannas inscne trí athrú institiúideach, ach freisin an gá atá le tiomantas láidir do chur i bhfeidhm an Phlean uilechuimsitheach um Chomhionannas Inscne.
- Seoladh an Gradam Tionscnaimh SETU Vicky Phelan um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú i mí na Bealtaine 2023, gradam bliantúil do bhall foirne nó do mhac léinn a mheastar a chuir go mór le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú i bpobal na hOllscoile.
- D'Óstáil SETU an chéad Chomhdháil EDI Equitas san Ardoideachas in Éirinn i mí Bhealtaine 2023, le 130 ceannairí ardoideachais, lucht acadúil, taighdeoirí agus cleachtóirí. Bhí sé mar aidhm ag an gcomhdháil cur le forbairt leanúnach EDI san ardoideachas agus ardán a chur ar fáil do thaighde, beartas agus gníomhaíocht nua agus atá ag teacht chun cinn sa réimse.



## 10.5 SÁRMHAITHEAS ACMHAINNÍ DAONNA I DTAIGHDE

Tacaíonn SETU go hiomlán le prionsabail na Cairte Eorpaí do Thaighdeoirí agus leis an gCód Iompair chun Taighdeoirí a Earcú. Tá SETU tiomanta i gcónaí do phrionsabail na Cairte agus an Chóid a chur chun feidhme tuilleadh tríd an Straitéis Acmhainní Daonna do Thaighdeoirí (HRS4Rs). Ba thréimhse athraithe neamhghnách do chomhghleacaithe ag SETU í an 16 mhí seo caite, agus tháinig claochlú suntasach ar an mbealach a n - oibrímid i gcomhar a chéile, ag díriú níos mó ar chomhoibriú sa tréimhse seo. Ag machnamh ar phríomhéachtaí agus dul chun cinn HRS4R, rinneadh dul chun cinn i réimsí EDI i dTaighde; Earcaíocht agus Roghnú, Dálaí Oibre agus Slándáil Shóisialta, Gnéithe Eiticiúla agus Gairmiúla agus Oiliúint agus Forbairt.

Dírítear go mór ar HRS4R ag SETU i gcónaí tríd an clár cuimsitheach forbartha gairmiúla do Thaighdeoirí a reáchtáil mar chuid den gClár Forbartha Taighdeoirí Broaden Your Horizons (BYH).

- Le linn na tréimhse seo, cuireadh os cionn 35 deis oiliúna agus forbartha saincheaptha ar fáil do thaighdeoirí ar fud SETU ó R1 - R4.
- Thug an tsraith Podchraoltaí 9Plus agus an tsraith Research Brown Bag ardán do thaighdeoirí chun a gcuid oibre taighde a roinnt agus a chur in iúl don bpobal SETU níos leithne.
- Eagraíodh ceardlanna tiomnaithe gairmréime chun am a thabhairt do thaighdeoirí díriú ar a ngairmréim taighde a phleanáil, le sraith cainteanna gairmréime le hiar-mhic léinn a tairgeadh do thaighdeoirí PG.
- I measc na gcúrsaí eile bhí Ceannairí Taighde a Thógáil; Líonrú Gníomhach, Rannpháirtíocht Ar Líne, Tú Féin agus Do Chuid Taighde a Chur Chun Cinn; Ag Cruthú Na 7 Rún a bhaineann le Mac Léinn Taighde an - rathúil (do Mhaoirseoirí), Ionracas Taighde; Taighde Eiticiúil; Feasacht ar Chlaonadh i nGanfhios, Oiliúint OTM - R agus Clinicí Faisnéise HRS4R.
- Reáchtáladh an clár Meantóireachta do Thaighdeoirí ODYSSEY don cheathrú bliain ag treorú taighdeoirí maidir lena bhforbairt gairmréime, ag forbairt inniúlachtaí agus scileanna réiteach fadhbanna agus ag an am céanna ag soláthar spás tacaíochta níos neodraí lasmuigh de ghnáthchaidrimh bhainistíochta/mhaoirseachta.
- Folláine an Taighdeora – Trínár gcuid oibre le HRS4R tá fíor - dhul chun cinn déanta againn maidir le tacaíocht, oiliúint agus acmhainní a sholáthar chun tacú le folláine an taighdeora, trí go leor ceardlann agus tionscnamh.



# 11 ÁR GCÚRSAÍ AIRGEADAIS



CUMASÓIR
B

Struchtúir agus córais riachtanacha a fhorbairt, i gcomhthéacs inbhuanaitheacht airgeadais agus eagraíochtúil agus an chumasc institiúideach atá ar siúl i gcónaí, chun tacú le tosaíochtaí ollscoile.

Is iad na ráitis airgeadais seo na chéad ráitis don Ollscoil agus baineann siad leis na sé mhí dhéag ó ainmníodh í, is é sin, an 1 Bealtaine 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2023.

Dá réir sin, níl sraith ráiteas airgeadais atá inchomparáide go díreach le tréimhse roimhe ó na hinstitiúidí bunaitheacha.

Léiríonn na staitisticí airgeadais toradh láidir don tréimhse chomh maith le tús maith don Ollscoil.

### 11.1.1 Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

Forbhreathnú ar Fheidhmíocht don Tréimhse 16 Mhí dar críoch 31 Lúnasa 2023

| **IONCAM** | € ,000te |
|---|---:|
| Deontais Stáit | 118,750 |
| Táillí Acadúla | 67,775 |
| Deontais agus conarthaí taighde | 28,525 |
| Amúchadh Deontas Caipitil stáit | 12,817 |
| Ioncam oibriúcháin eile | 24,067 |
| Ioncam úis | 195 |
| Maoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean | 62,066 |
| **Ioncam Iomlán** | **314,195** |
| **CAITEACHAS** | |
| Costais Foirne | 170,096 |
| Costais Phinsean | 62,066 |
| Costais oibriúcháin eile | 58,142 |
| Luachlaghdú | 14,332 |
| **Caiteachas Iomlán** | **304,636** |
| Barrachas roimh leithreasuithe | 9,559 |
| Aistriú ón gcúlchiste forbartha caipitil | 286 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don tréimhse** | **9,845** |

### 11.1.2 Ráiteas ar Staid Airgeadais – Clár Comhardaithe

Ráiteas ar Staid Airgeadais – Clár Comhardaithe

| | 31/08/2023 | 30/04/2022 |
|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ NEAMHREATHA** | € ,000te | € ,000te |
| Sócmhainní seasta | 210,865 | 193,285 |
| Sócmhainní oidhreachta | 4195 | 4398 |
| | **215,060** | **197,683** |
| | | |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | |
| Fardal | 36 | 43 |
| Infháltais | 15,780 | 17875 |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim | 71,526 | 80,112 |
| | **87,342** | **98,030** |
| | | |
| Lúide Creidiúnaithe a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | (65689) | (66459) |
| **Iomlán na Sócmhainní lúide dliteanais reatha** | **236,716** | **229,254** |
| Lúide Creidiúnaithe a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliana amháin | (5033) | (6329) |
| Oibleagáid sochair scoir | (476067) | (614960) |
| Sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha | 476,067 | 614,960 |
| **Iomlán Sócmhainní Glana** | **231,680** | **222,925** |
| | | |
| Deontais Chaipitil Stáit Iarchurtha | 195,218 | 177,882 |
| Cúlchiste Ioncaim agus Caiteachais | 20,075 | 10,230 |
| Cúlchiste Srianta | 16,387 | 34,813 |
| **Iomlán** | **231,680** | **222,925** |





Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt
South East Technological University

T: **0818 121212**
**setu.ie**

Bóthar Chill Chainnigh
Ceatharlach
R93 V960

Bóthar Chorcaí
Port Láirge
X91 KOEK

Bóthar Chnoc an tSamhraidh
Loch Garman
Y35 KA07